C/2024/5184

21.8.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11688 – KKR / TMUS / METRONET)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5184)

1. An 12 Lúnasa 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— KKR & Co. Inc. ('KKR', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— T-Mobile USA, Inc. ('TMUS', Stáit Aontaithe Mheiriceá), faoi rialú Deutsche Telekom AG ('DT', an Ghearmáin),

— Metronet Holdings, LLC ('Metronet', Stáit Aontaithe Mheiriceá), faoi rialú Oak Hill Capital Partners (Stáit Aontaithe Mheiriceá) agus The Cinelli Family (Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Gheobhaidh KKR agus DT rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Metronet ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— KKR: gnólacht infheistíochta domhanda a sholáthraíonn seirbhísí bainistíochta sócmhainní malartacha mar aon le margaí caipitil agus réitigh árachais,

— TMUS: oibreoir teileachumarsáide gan sreang a sholáthraíonn seirbhísí clúdaigh, gutha, teachtaireachtaí agus sonraí ar fud na tíre i Stáit Aontaithe Mheiriceá, Pórtó Ríce agus Ógh-Oileáin na Stát Aontaithe.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais Metronet: soláthraí idirlín snáthoptaice i Stáit Aontaithe Mheiriceá.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11688 – KKR / TMUS / METRONET

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË